NUACHTLITIR NA SEACHTAINE

18-09-2014

Twitter

Táim sásta a fhógairt go bhfuil Gaelscoil na Camóige anois ar Twitter! An seoladh giolcaireachta atá againn ná **@gncamoige.**

Beidh an cuntas seo in úsáid againn mar fhóram eolais amháin. Beidh fógraí maidir le cúrsaí peile, traenáil, cruinnithe is irl ar taispeáint air. Leanaigí Gaelscoil na Camóige agus beidh tú cinnte de go mbeidh an nuacht is déanaí agat!

I am delighted to say that Gaelscoil na Camóige is now on Twitter! Follow us on **@gncamoige**. This Twitter account will be used as an information forum only. Information regarding Football, Training, Meetings etc. will be posted on twitter so follow us!

****

Peil

Beidh cluiche ag na cailíní inniu i gcoinne Naomh Ultain. Go n-éirí go mór libh!

The girl's team will have a match today against Naomh Ultain. We wish them the very best of luck!

****

RSA

Tá pacáistí tagtha ón Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre do pháistí Rang 3 chun cabhrú leo iad féin a choinneáil slán agus iad ar an mbóthar. Beidh veist fhrithchaiteach ag teacht do gach páiste sna Naíonáin Bheaga freisin.

Bainigí úsáid astu agus coinnigí a chéile féin slán sábháilte!

Road Safety Packs have arrived to the school for children of Third Class to help the children keep themselves safe while using the roads. Also, reflector vests are due to arrive for the Junior Infants. Be sure to use the packs and vests and help keep each other safe!

****

Ealaín

Má tá tú buartha go bhfuil do pháiste ag éirí salach i rith na ranganna ealaíne ar scoil, ná bíodh aon drogall oraibh naprún nó sean-tí-léine agus ainm do pháiste air a sheoladh isteach chuig an múinteoir ranga.

If you are concerned that your child's uniform is getting dirty during art classes do not hesitate to send in an old T-shirt or apron with the child's name on it into the class teacher.

****

Plean Mata

I rith an taighde dár bPlean Feabhsucháin Scoile um Uimhearthachta thug na múinteoirí faoi deara nach gcaitheann an-chuid páistí uaireadóir. Phléigh an fhoireann na deacrachtaí a bhíonn ag páistí agus iad ag iarraidh an t-am a thuiscint. Moltar go mbeidh uaireadóir á caitheamh ag na páistí agus leis sin go gcabhróidh seo leo tuiscint a fháil ar an am. Bheadh sé an-chabhrach, mar sin, dá mbeadh na tuistí in ann na páistí a spreagadh chun uaireadóir a chaitheamh. Cinn analógacha do na páistí óga agus cinn analógach/ dhigiteach do na páistí níos sine. Tá siad ar fáil ar phraghasanna reasúnta ísle nó b'fhéidir go mbeidh na páistí in ann ceist a chur ar Dhaidí na Nollag i mbliana!

Whilst undertaking the research for our school's improvement plan on Numeracy it was noticed that very few children wear watches. Teachers discussed the difficulties children can have learning how to understand Time and it was suggested that if a child wore a watch it might help them to grasp the concept of Time. It would be a great support to the teachers and to the children if parents try and encourage the children to wear watches- analogue for the younger children and either analogue or digital for the older ones. Watches are available at very low prices or perhaps children could ask Santa for one this year!

****

Rangann Fidile

Tá praghas €96.25 le híoc ag na páistí don rang Fidile. Seol isteach an t-airgead chuig an oifig le bhur dtoil. €25 an cíos atá ar fhidil.

The price for the next eleven weeks of Fiddle Class is €96.25 per child. Please forward this amount to the office. The price of Fiddle Rental is €25

_____

Aoife Ní Raghallaigh
Príomhoide